# Oifig an Choimisinéara um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Acht um Shaoráil Faisnéise , 2014

Scéim Foilseacháin 2020

# Clár Ábhair


Caibidil 1 ..... 1

1.1 Réamhrá agus Cúlra ..... 1

1.2 Feidhmeanna Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ..... 1

1.3 Páirtithe Leasmhara ..... 1

1.4 Feidhmeanna an Choimisiúin ..... 2

Caibidil 2 ..... 3

2.1 Taifid a choinnítear san Oifig ..... 3

2.2 Socruithe Rialachais agus Bainistíochta . ..... 3

2.3 Pleananna Corparáideacha & Straitéisí ..... 4

2.4 Tuarascálacha Bliantúla ..... 4

Caibidil 3 ..... 5

3.1 Ballraíocht an Choimisiúin ..... 5

3.2 Foireann Rúnaíochta an Choimisiúin : ..... 5

3.3 Suíomh agus Faisnéis Teagmhála ..... 5

3.4 Fiosrúcháin ó na Meáin ..... 5

3.5 Faisnéis airgeadais ..... 5

Caibidil 4 ..... 7

4.1 Iarratais um Shaoráil Faisnéise chuig an Oifig ..... 7

4.2 Ceart chun Athbhreithniú Inmheánach ar Chinneadh ..... 7

4.3 Faisnéis arna foilsiú ag an Oifig ..... 8

4.4 Cóid Chleachtais ..... 8

4.5 Tuarascálacha Bliantúla ..... 8

4.6 Foilseacháin eile ..... 8

4.7 Suíomh Gréasáin ..... 8

# Caibidil 1

## 1.1 Réamhrá agus Cúlra

Ullmhaíodh an Scéim Foilseacháin seo a leanas faoi Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (Acht um Shaoráil Faisnéise). Tháinig an Scéim i bhfeidhm an 23 Feabhra 2021. Tá sé deartha chun soláthar faisnéise a éascú a mhéid is féidir, ach amháin faisnéis atá díolmhaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Tá an Scéim bunaithe ar an ngréasán agus tá naisc ann le hábhar tagartha ar ár suíomh Gréasáin, a nuashonrófar mar a fhoráiltear faoin Acht. Cuirfear cóip chrua ar fáil a bhféadfar breathnú uirthi trí choinne.

## 1.2 Feidhmeanna Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2004 de réir an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 mar chomhlacht neamhspleách chun earcaíocht don Státseirbhís agus d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí áirithe eile, ar nós an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a rialáil.

Socraíonn an Coimisiún caighdeáin, a fhoilsíonn sé mar chóid chleachtais, maidir le hearcaíocht agus roghnú chuig poist sna heagraíochtaí atá faoina shainchúram. Ceann de phríomhfheidhmeanna an Choimisiúin is ea na caighdeáin seo a chosaint trí mhonatóireacht agus iniúchadh rialta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí earcaíochta agus roghnúcháin.

Deonaíonn an Coimisiún ceadúnais freisin do chomhlachtaí seirbhíse poiblí áirithe chun earcú thar a gceann féin.

Faigheann obair an Choimisiúin tacaíocht óna Rúnaíocht, aonad discréideach laistigh de struchtúr corparáideach foriomlán Oifig an Ombudsman atá lonnaithe faoi láthair ag 6 Ardán Earlsfort, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. Is foireann d'Oifig fhoriomlán an Ombudsman foireann na Rúnaíochta a sholáthraíonn tacaíocht chorparáideach don Rúnaíocht lena n-áirítear airgeadas, acmhainní daonna, TF agus riarachán ginearálta oifige.

## 1.3 Páirtithe Leasmhara

Bíonn tionchar ag toradh obair Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ar ár bpáirtithe leasmhara. Tá na príomhpháirtithe leasmhara liostaithe thíos:

- Comhlachtaí na Státseirbhíse
- An Garda Síochána
- Poist údarás áitiúil amhail poist theicniúla agus ghairmiúla a bhfuil Acht na nÚdarás Áitiúil 1926 is infheidhme.
- FSS

Comhlachtaí poiblí nach mór an ceapachán a dhéanamh faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 Níl aon téacs Gaeilge den Acht ar fáil agus mar sin tá an nasc le téacs Béarla an Achta.

- Iarrthóirí atá san iomaíocht ag próisis cheapacháin faoi shainchúram an Choimisiúin.

I measc ár gcustaiméirí seachtracha, tá baill den phobal i gcoitinne agus soláthraithe. Idirghníomhaíonn Oifig an Choimisiúin le baill an phobail agus iad ag freagairt fiosrúchán ginearálta, ag próiseáil cásanna maidir le sáruithe líomhnaithe ar na Cóid Chleachtais, agus ag freagairt d'iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## 1.4 Feidhmeanna an Choimisiúin

1.4.1 Caighdeáin a Bhunú le haghaidh Earcaíochta agus Roghnúcháin

caighdeáin ionracais, fiúntais, cothromais agus cothroime a bhunú, agus prionsabail eile a bheidh le leanúint maidir le daoine a cheapadh chuig poist sna heagraíochtaí faoi shainchúram an Choimisiúin

1.4.2 Cód Cleachtais

- na caighdeáin arna mbunú mar chóid chleachtais a fhoilsiú

1.4.3 Caighdeáin Faireacháin

- beartais agus cleachtais earcaíochta a iniúchadh agus a mheas chun na caighdeáin a chosaint agus chun a fháil amach an bhfuil an Cód Cleachtais á chomhlíonadh

1.4.4 Ceadúnú

- iarratais ar cheadúnais earcaíochta a mheas
- ceadúnais earcaíochta a dheonú
- ceadúnais earcaíochta a chúlghairm nuair is gá
- treoracha agus comhairle a eisiúint do shealbhóirí ceadúnais

1.4.5 Nósanna Imeachta Achomhairc

- nósanna imeachta achomhairc iomchuí a bhunú agus a leagan síos
- imscrúdú ar ghearáin faoi Alt 8 den Chód
- tuairisciú don Oireachtas agus don Rialtas araon
- faisnéis a sholáthar d'airí ar oibriú na bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin

# Caibidil 2

## 2.1 Taifid a choinnítear san Oifig

Tagann raon na dtaifead a choinnítear san Oifig faoi na catagóirí leathana seo a leanas (d'fhéadfadh roinnt forluí a bheith ann)

2.1.1 Taifid Riaracháin Inmheánaigh

Coinnítear taifid ghinearálta riaracháin oifige amhail pearsanra agus taifid chuntais, agus Treoirlínte agus Ciorcláin na seirbhíse sibhialta/poiblí, go lárnach laistigh d'fheidhmeanna corparáideacha Oifig an Ombudsman. Seo a leanas na príomhthaifid riaracháin inmheánacha atá ag an Oifig:

- Clúdach Meán Foilsithe, lena n-áirítear gearrthóga preasa
- Óráidí, Cur i Láthair agus Ailt le baill an Choimisiúin agus Rúnaíocht an Choimisiúin
- Teagmhálacha le comhlachtaí poiblí lena n-áirítear ainmneacha teagmhála do gach comhlacht a chumhdaítear leis an reachtaíocht faoina bhfeidhmíonn an Coimisiún
- Nótaí agus miontuairiscí cruinnithe bainistíochta agus na cáipéisí gaolmhara
- Taifid a bhaineann le tuarascálacha a fhoilsiú m.sh. tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla, lena n-áirítear taifid a bhaineann le haistriúchán, tairiscintí, dearadh agus priontáil
- Bainistíocht ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin (cpsa.ie)
- Iarrataí um Shaoráil Faisnéise ar rochtain ar thaifid atá i seilbh an Choimisiúin
- Iarratais ar athbhreithniú ar chinntí um Shaoráil Faisnéise
- Iarrataí um an tAcht um Chosaint Sonraí ar rochtain ar thaifid atá i seilbh an Choimisiúin
- Fiosrúcháin ghinearálta agus comhfhreagras

2.1.2 Treoracha/Treoirlínte Foirne

- Doiciméid Treoirlínte agus Nósanna Imeachta Éagsúla chun déileáil leis an obair faoi na píosaí éagsúla reachtaíochta a bhfuil an Coimisiún freagrach astu
- Socruithe idirchaidrimh le comhlachtaí poiblí

2.1.3 Imscrúduithe / Fiosrúcháin ag an gCoimisiún

- Cumarsáid le gearánaigh, ábhair imscrúdaithe, le haon chomhlacht poiblí ábhartha agus le haon tríú páirtithe ábhartha
- Taifid a bhaineann le fiosrúcháin a rinneadh leis an gCoimisiún
- Aighneachtaí i ndáil le himscrúdú / réamhfhiosrúchán / cás-mheasúnú
- Comhairle dlí curtha ar fáil don Oifig
- Cinntí an Choimisiúin, lena n-áirítear cinntí foirne le húdaráis tarmligthe
- Taifid eile a bhaineann le himscrúduithe agus fiosrúcháin, lena n-áirítear nótaí faisnéise don Choimisiún, tuarascálacha imscrúdaithe, anailís, trácht ó fhoireann na Rúnaíochta

## 2.2 Socruithe Rialachais agus Bainistíochta .

Tá an Oifig seo tiomanta do struchtúir, phróisis agus chórais dea-chleachtais a thacaíonn le hoibriú rathúil dualgas ar bhealach eiticiúil, cuntasach, trédhearcach agus éifeachtach. Is féidir sonraí faoi shocruithe rialachais na hOifige a fháil ina doiciméad Creata Rialachais Chorparáidigh, a leagann amach na córais, na prionsabail agus na próisis trína ndéantar an Oifig a stiúradh agus a rialú.

## 2.3 Pleananna Corparáideacha & Straitéisí

Cuireann foireann na Rúnaíochta don Choimisiún um Chaighdeáin le Ráiteas Straitéise níos leithne Oifig an Ombudsman agus treoraíonn sé é. Is féidir naisc le Ráiteas Straitéise Oifig an Ombudsman a fháil anseo.

## 2.4 Tuarascálacha Bliantúla

Tá Tuarascálacha Bliantúla an Choimisiúin ar fáil anseo ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag cpsa.ie.

# Caibidil 3

### 3.1 Ballraíocht an Choimisiúin

Tá an Coimisiún comhdhéanta de na daoine seo a leanas a fhónann i gcáil ex-oficio, is é sin go gcomhlíonann siad a bhfeidhmeanna mar Choimisinéirí mar chuid dá bhfeidhm lárnach:

- An tUasal Sean Ó Feargháil, Ceann Comhairle;
- An tUasal David Moloney, Ard-Rúnaí Gníomhach, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- An tUasal Martin Fraser, Ard-Rúnaí, Roinn an Taoisigh;
- An tUasal Peter Tyndall, Ombudsman; agus
- An tUasal Garrett Sheehan, Cathaoirleach, Coimisiún um Chaighdeáin san Oifig Phoiblí.

Faigheann Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí íocaíocht per diem as tinreamh agus tá sé i dteideal liúntas taistil agus cothaithe a éileamh, nuair is iomchuí. Ní fhaigheann na comhaltaí ex-officio eile den Choimisiún aon luach saothair ná liúntas breise as a gcuid oibre ar an gCoimisiún.

### 3.2 Foireann Rúnaíochta an Choimisiúin :

Tá an Phríomh-Rúnaíocht comhdhéanta de Phríomhoifigeach amháin (Sean Garvey), Príomhoifigeach Cúnta amháin (Linda Joyce), triúr Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais amháin. Is acmhainní roinnte iad an Príomhoifigeach agus an Príomhoifigeach Cúnta le codanna eile d'Oifig an Ombudsman . Is státseirbhísigh foireann na Rúnaíochta agus is féidir scálaí tuarastail státseirbhíseach a fháil sa Chiorclán atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: Cód Cleachtais Tuarastail Státseirbhíseach https://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2019/17.pdf Níl aon téacs Gaeilge den Chiorclán ar fáil agus mar sin tá an nasc le téacs Béarla an Chiorclán.

Tá foireann na Rúnaíochta ag fónamh mar státseirbhísigh i Státseirbhís an Stáit agus mar sin tá siad faoi cheangal ag Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse sipo.ie/acts-and-codes

### 3.3 Suíomh agus Faisnéis Teagmhála

6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773
Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: info@cpsa.ie
Uaireanta oscailte: idir 9.15 agus 5.00 Luan go hAoine. Is féidir treoracha chuig an Oifig afháil ar: sipo.ie.

### 3.4 Fiosrúcháin ó na Meáin

Teagmháil: Dave Nutley
Ceann Cumarsáide, Oifig an Ombudsman
Teil: 01 639 5610
Soghluaiste: 086 023 1420
Ríomhphost: david.nutley@ombudsman.ie

### 3.5 Faisnéis airgeadais

Le Vóta 19 (Oifig an Ombudsman), maoinítear gníomhaíochtaí d'eagraíocht atá comhdhéanta d'Oifig an Ombudsman agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (Clár A); an Coimisiún um

Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, lena n-áirítear an fheidhm Rialála Brústocaireachta (Clár B); agus, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Chomhshaoil (Clár C).

Comhlíonann na hoifigí seo feidhmeanna reachtúla ar leith agus difriúla: mar sin féin, feidhmíonn siad mar ghníomhaireacht chónasctha aonair faoi Vóta amháin agus Oifigeach Cuntasaíochta amháin agus bord bainistíochta corparáideach amháin a bhainistíonn an eagraíocht agus a chosnaíonn agus a chaomhnaíonn neamhspleáchas agus feidhmeanna reachtúla gach ceann de na comhchodanna ag an am céanna. Tá a líon foirne féin ag gach oifig ach roinntear na feidhmeanna airgeadais, acmhainní daonna, cóiríochta agus teicneolaíochta faisnéise idir na hoifigí go léir.

Foilsíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leithreasaí ar bhonn bliantúil. Tá sonraí ar fáil ag: audit.gov.ie

# Caibidil 4

## 4.1 Iarratais um Shaoráil Faisnéise chuig an Oifig

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, tá aon duine i dteideal iarratas a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil go poiblí murach sin. Go ginearálta, tá sé de cheart ag duine:

1. Rochtain ar thaifid atá i seilbh na hOifige

2. Faisnéis phearsanta a bhaineann leis an duine féin a cheartú, atá i seilbh na hOifige, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach.

3. Rochtain ar chúiseanna le cinntí a dhéanann an Oifig a théann i bhfeidhm go díreach ort féin.

Gach taifead atá i seilbh Rúnaíocht an Choimisiúin ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (faoi réir na ndíolúintí caighdeánacha).

Ba cheart iarratais um Shaoráil Faisnéise a bhaineann le taifid na hOifige a dhéanamh chuig:

Oifigeach Cinnidh um Shaoráil Faisnéise
Choimisinéara um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773
Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: foi@cpsa.ie

Ba cheart iarratais a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart a shonrú go bhfuil siad á ndéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart an fhoirm ina n-iarrtar na taifid - m.sh. fótachóipeanna/diosca - a lua san iarraidh. Cé go ndéanfar gach iarracht taifid a sholáthar san fhormáid ina n-iarrtar iad, b'fhéidir nach mbeadh sé sin indéanta i gcónaí má cruthaíodh taifid den sórt sin i bhformáid atá difriúil leis an gceann a iarrann iarrthóir. Ionas go bhféadtar na taifid atá á lorg a shainaithint, ba cheart d'iarratasóirí cur síos a dhéanamh ar na taifid chomh mionsonraithe agus is féidir. Más féidir, ba cheart uimhir teagmhála a úsáid le linn uaireanta oifige a sholáthar chun sonraí iarratais um Shaoráil Faisnéise a shoiléiriú. Cuideoidh foireann na hOifige le hiarratas um Shaoráil Faisnéise a fhoirmliú, más gá.

Admhóidh an Oifig iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise laistigh de choicís. Áireofar leis seo fógra go bhfuil sé de cheart, i gcás nach bhfuil an t-iarratasóir sásta leis an gcinneadh um Shaoráil Faisnéise a eisíodh, athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh a iarraidh. Eiseofar an cinneadh laistigh de cheithre seachtaine.

## 4.2 Ceart chun Athbhreithniú Inmheánach ar Chinneadh

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil sé de cheart aige athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar chinntí comhlachtaí poiblí. Féadfar athbhreithniú inmheánach a iarraidh i gcás inar diúltaíodh nó inar deonaíodh iarratas um Shaoráil Faisnéise go páirteach nó i gcás go bhfuil rochtain curtha siar. Is féidir athbhreithniú inmheánach a iarraidh freisin i gcás ina ndéantar díospóid faoi chineál na rochtana nó leibhéal na dtáillí a ghearrtar. *Meastar gur diúltaíodh d'iarratas um Shaoráil Faisnéise nuair nár eisíodh cinneadh laistigh de cheithre seachtaine tar éis an iarraidh um Shaoráil Faisnéise a fháil.*

Ba cheart iarratais ar athbhreithniú inmheánach ar chinntí na hOifige a dhéanamh, i scríbhinn, chuig:

Athbhreithneoir Inmheánach um Shaoráil Faisnéise

Choimisinéara um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

6 Ardán Phort an Iarla

Dublin 2, D02 W773

Teileafón: (01) 6395666

Ríomhphost: foi@cpsa.ie

Cinnteoidh an t-athbhreithnitheoir inmheánach go ndearnadh an t-athbhreithniú le hoifigeach atá ag leibhéal níos airde ná an t-oifigeach a rinne an cinneadh bunaidh um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart iarraidh den sórt sin a dhéanamh laistigh de cheithre seachtaine ón gcinneadh bunaidh. Ní mór an cinneadh tar éis athbhreithnithe inmheánaigh a eisiúint laistigh de thrí seachtaine tar éis é a fháil.

### 4.3 Faisnéis arna foilsiú ag an Oifig

Tá sé i gceist leis an Acht um Shaoráil Faisnéise rochtain a cheadú ar fhaisnéis a choinníonn comhlachtaí poiblí nach mbíonn ar fáil go rialta ar bhealaí eile faoi réir díolúintí, nósanna imeachta agus teorainneacha ama áirithe. Tá an fhaisnéis seo a leanas faoi ghníomhaíochtaí agus fheidhmeanna na hOifige ar fáil gan gá a bheith leis an Acht um Shaoráil Faisnéise a úsáid.

### 4.4 Cóid Chleachtais

Foilsítear caighdeáin an Choimisiúin maidir le hearcaíocht agus roghnú chuig poist sna heagraíochtaí atá faoina sainchúram ina Chóid Chleachtais atá ar fáil ó Rúnaíocht an Choimisiúin ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, agus ar ár suíomh Gréasáin ag an nasc seo a leanas: cpsa.ie/ cóid chleachtais / cad iad na cóid

### 4.5 Tuarascálacha Bliantúla

Cuireann an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí gach bliain maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin i rith na bliana roimhe sin. Tá tuarascálacha bliantúla ar fáil ó Rúnaíocht an Choimisiúin ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, agus ar ár suíomh Gréasáin ag an nasc seo a leanas: cpsa.ie/foilseacháin/tuarascálacha-bliantúla/

### 4.6 Foilseacháin eile

Foilsíonn an Coimisiún tuarascálacha freisin ar na gnéithe éagsúla dá fheidhmiú. Féach an chuid faoi thuarascálacha ar ár suíomh Gréasáin ag an nasc seo a leanas: cpsa.ie/foilseacháin/tuarascálacha-iniúchtaí/

### 4.7 Suíomh Gréasáin

Tá faisnéis bhreise faoin Oifig ar ár suíomh Gréasáin, cpsa.ie. Áirítear leis seo:

- Faisnéis faoin gCoimisiún agus a ról
- Faisnéis faoin gCoimisiún, lena n-áirítear a chomhlíonadh leis an Acht um Míchumas agus Athúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí
- Téacs iomlán na reachtaíochta a ndéanann sé maoirseacht uirthi

- Liostaí de gach Comhlacht Poiblí atá faoi raon feidhme fheidhmeanna an Choimisiúin
- Conas iarratas SF a dhéanamh chuig an Oifig